Go hÁrainn

18/6/32.

D'fhág an bád an dug ar a 8 ar maidin.

Tugtar faoi deara mála agus 'R. Flower' air. Bhí sé fein R. Flower ar bord agus é ag triall ar Inis mór. Fear fionn meadhan aosta,fear lághach réir chosmhalacht, éadach simplidhe air agus gan é ró-aireach ina taobh nuair bhíos sé ag taisteal.

An cuan go socair gan seol ná long le feiceál. Cluiche ealaidheacha ag an Rinn. Stadán faoileán taobh amuich d'Oileán na gCaorach, line fada aca i ndiaidh a chéile

ar an uisge agus mórán eile ar friota os a gcionn. Grian anoir dá ngealaidh. Éanacha aille ag béal a' dug. An fhairrge go ciúin. Friota beag bídeach uirthe. Slamanna móra feamainne ag snámh aniar. Ceo ar an uisge trí mhíle uainn ar chuile thaobh nó níos fuide. Na héanacha aille go fairsing ar an mbealach ar fad.

Ag cainnt le R. Flower i gCill Rónán. Caithfidh sé seachtain i nÁrainn. Tá sé go díreach tar éis teacht ó na Blascaodaí.

Cárna 2/1/33. Padraic Mac an Iomaire.

?Cén chaoi ar chin an fhoighid ar a gcinniúint.

An Cailleach Béara a siubhal go Gaillimh.

Fear a d'fhág sí ar bruach na habhann.

Cén chaoi ar aithnigh sí an féarach a b'fhearr.

Cnoc Rua an átha an áit a mbíodh na ba ag an gcailleach.

An t-iongantas is mó a chonnaic an Chailleach Bhéarach.

Marcus Ó Laidhe, athair mór Phadraic Mhic an Iomaire, is uaidh a chuala Pádraic go leor sgéalta.

Micheál Ó Laidhe a bhí i Leitir Deiscirt bhí go leor sgéalta aige. Níor thóg Padraic Mac con Iomaire sgéal ar bith tar éis fiche bliain a bheith sgoithte aige.

Padraic Ó Maoilchiaráin san Áird Thoir.

Bhí go leor sgéalta aige. Pat Mór a bhí air. Tá sé caillte le fiche bliain.

Lucht an Bhéarla bhriste, muinntir Inis Leacan.

Bhí sé síos auas leob. Ní raibh aon fhear a chinnfeadh air. He would excel any man. An Ré Dorchdha.

É féin is a chomhluadar, chuadar go Meireacá.

Comhluadar = Family.

Síoma nó sgáine sa teach.

Síoma = chime.

Teach déanta le haghaidh na hócáide.

Sgáine na lár de barr na gréine.

Síoma an áit a dtagann dá chlár le chéile.

Saogal an Iolra agus na caillighe beara.

Casán buailte sa sliabh.

Déanamh na cuinneoige.

Cumhaing ina bhéal is a leathnú síos.

Maoilre.

Stumpa mór d'fhear bríoghmhar láidir a bhí i Maoilre.

Bhí sé ina choisidhe thar cionn.

Bhíodar anróideach go maith freisin.

Bhí sé suas le n-a linn.

An sean-tsionnach.

Ní theidheadh faoidhfamh ortha i gcaitheamh na h-oidhche.

Aois díobhala – a'déanamh aois díobhala díobh.

Chruaidh sé sa tsiubhal, nuair a chruaidh sé bheo an taidhbhse ní b'fhearr.

The Síoma or chime is the great test of a boatbuilder.

Ocras na sláinte.

Teach a Phobuil i gCárna críochnuigheadh é le linn an tAthar Peadar mac Conbuidhe 1846-47, aimsir an drochshaoghal.

Bhronn an tÁrdeasbog cailís ar teampall Cárna agus focal Gaedhilge gearrtha uirthe. Tá an chailís seo ag sagart Paráiste Cárna.

Na sgolairí bochta a bhíodh a múineadh is na tighthe.